Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**15828/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0363(NLE)**

**SCH-EVAL 190**
**SIRIS 116**
**COMIX 606**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 19 Nollaig 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15500/22 |
| Ábhar: | Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an **Iorua** ar *acquis* Schengen i réimse **Chóras Faisnéise Schengen** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach Moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an Iorua ar *acquis* Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen, arna ghlacadh ag an gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 19 Nollaig 2022.

I gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, cuirfear an Moladh seo ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagtar amach

**MOLADH**

**maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an gcur i bhfeidhm a rinne an Iorua ar *acquis* Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú[1], agus go háirithe Airteagal 31(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen[2], agus go háirithe d'Airteagal 15(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh meastóireacht Schengen i réimse Chóras Faisnéise Schengen i leith na hIorua i mí na Bealtaine 2022. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 5555 ón gCoimisiún glacadh tuarascáil ina gcumhdaítear na torthaí agus na measúnuithe agus ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

[1] IO L 160, 15.6.2022, lgh. 1–27
[2] IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

(2) Mar chuid den mheastóireacht, shainaithin an fhoireann ar an láthair roinnt dea-chleachtas, go háirithe a sholáimhsithe atá an córas bainistithe cásanna in Oifig SIRENE, agus soiléire thaispeáint an bhreiseáin le haghaidh íospartaigh céannachtaí mí-úsáidte sna feidhmchláir phóilíneachta agus rialaithe teorann.

(3) I bhfianaise a thábhachtaí atá sé *acquis* Schengen a chomhlíonadh, go háirithe an oibleagáid úsáid chórasach agus forbairt iomlán Chóras Faisnéise Schengen a áirithiú, ba cheart tús áite a thabhairt do mholtaí 1, 2, 13, 15, agus 16 a chur chun feidhme.

(4) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig Parlaimintí náisiúnta na mBallstát. Laistigh de 2 mhí ó ghlacadh an Chinnidh seo, ba cheart don Iorua, de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle, plean gníomhaíochta a bhunú chun na moltaí uile chun aon easnamh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas a chur chun feidhme, agus an plean gníomhaíochta sin a sholáthar don Choimisiún agus don Chomhairle.

AG MOLADH:

gur cheart don Iorua an méid seo a leanas a dhéanamh:

Córas aitheantais uathoibrithe méarlorg (AFIS) CFS

1. a áirithiú go n-uaslódáiltear méarloirg go rialta agus foláirimh maidir le daoine á gcruthú, i gcomhréir leis na hAirteagail 20(2)(f) chomhthreomhara agus leis na hAirteagail 23(2) chomhthreomhara de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle;

2. cur chun feidhme an Mhearchuardaigh Méarloirg a chríochnú, i gcomhréir leis na hAirteagail 22(2) agus (3) chomhthreomhara de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle;

**Cruthú foláireamh**

3. nuair a iontráiltear foláirimh ábhair in CFS i leith doiciméid aitheantais daoine marbha nár cuireadh ar ais, féachaint ar an nós imeachta mhalartach 'ábhar le hurghabháil' a úsáid mar chúis na hiarrata seachas 'arna neamhbhailíochtú ag an údarás eisiúna';

**Feidhmchláir phóilíneachta**

4. a áirithiú, maidir leis an téarmaíocht a úsáidtear ar 'amhras faoi chlónáil' i Lámhleabhar SIRENE agus sa doiciméadacht theicniúil, go gcuirtear chun feidhme i gceart í san fheidhmchlár ELYS II leis an aistriúchán comhfhreagrach as Ioruais, ionas go soláthrófar gach faisnéis is gá do na húsáideoirí deiridh;

5. feasacht a mhúscailt i measc na n-úsáideoirí deiridh maidir le modh taispeána na nasc san fheidhmchlár ELYS II, ionas nach gcaillfear faisnéis luachmhar;

6. feasacht a mhúscailt i measc úsáideoirí deiridh an fheidhmchláir ELYS II gur féidir an rogha réamhshocraithe, mar atá, 'cuardach beacht', a dhíroghnú chun an t-iarratas a leathnú agus cuardach neamhbheacht a dhéanamh;

7. feabhas a chur ar mhodh taispeána na hiarrata 'tuairisciú láithreach' san fheidhmchlár ELYS II chun a áirithiú go mbeidh sí níos suntasaí agus chun aird na n-úsáideoirí deiridh a tharraingt ar an ngníomhaíocht atá le déanamh;

8. a áirithiú go gceanglaítear an córas uathaitheanta uimhirphlátaí (ANPR) le CFS;

9. a áirithiú go dtaispeánann an fheidhmchlár AGENT 5.0 an grianghraf atá i gceangal leis an bhfoláireamh nuair a thaispeántar toradh cuardaigh;

**Feidhmchláir mhóibíleacha**

10. a áirithiú go dtaispeánann an fheidhmchlár Personkontroll an chatagóir chéannachta ón gcéad scáileán ionas go mbeidh cásanna na gcéannachtaí mí-úsáidte infheicthe láithreach do na húsáideoirí deiridh;

11. a áirithiú go mbíonn rochtain i gcónaí ag na húsáideoirí deiridh ar an leagan de ELYS II le haghaidh fóin chliste agus táibléad agus go mbíonn gach bogearra is gá suiteáilte ar na gairis ionas gur féidir an fheidhmchlár a lainseáil nuair a bhíonn gá leis;

**Feidhmchláir na nGardaí Teorann**

12. a áirithiú go n-aibhsítear na marcóirí rabhaidh go cuí san fheidhmchlár GTK nuair a thaispeántar an toradh amais ionas nach gcailleann na húsáideoirí deiridh faisnéis thábhachtach;

**An Stiúrthóireacht Inimirce**

13. a áirithiú i gcás amas san fheidhmchlár DUF ar fholáireamh maidir le cead isteach agus fanacht a dhiúltú go dtaispeántar an breiseán maidir le céannachtaí mí-úsáidte freisin (grianghraf, uimhir an phas, méarloirg agus sonraí pearsanta), i gcomhréir le hAirteagal 36 de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006, arna leasú le Rialachán (AE) 2018/1861;

14. an fhéidearthacht foláirimh maidir le doiciméid a sheiceáil freisin a chur chun feidhme san fheidhmchlár DUF atá in úsáid ag an Oifig Inimirce (Airteagal 38);

15. maidir leis na feidhmiúlachtaí a bhaineann leis an gcineál ciona a chur isteach agus a thaispeáint i bhfoláirimh CFS i leith cead isteach agus fanacht a dhiúltú (Airteagal 24), na feidhmiúlachtaí sin a chur chun feidhme san fheidhmchlár DUF atá in úsáid ag an Oifig Inimirce i gcomhréir le hAirteagal 20(2)(ka) agus Airteagal 23(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006, arna leasú le Rialachán (AE) 2018/1861;

16. maidir leis na feidhmiúlachtaí a bhaineann le méarloirg i bhfoláirimh CFS i leith cead isteach agus fanacht a dhiúltú (Airteagal 24), na feidhmiúlachtaí sin a chur chun feidhme san fheidhmchlár DUF atá in úsáid ag an Oifig Inimirce i gcomhréir leis na hAirteagail chomhthreomhara 20(2)(f) agus 23(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus de Chinneadh 2007/533/CGB ón gComhairle;

**An t-údarás náisiúnta um chlárú feithiclí**

17. a áirithiú go ndéanann an t-údarás náisiúnta um chlárú feithiclí seiceáil in CFS ar an doiciméad clárúcháin agus ar an uimhir chlárúcháin nuair a chuirtear feithicil faoina bhráid lena clárú;

**Údaráis chustaim**

18. rochtain ar CFS a thabhairt do na húdaráis náisiúnta chustaim, i gcomhréir le hAirteagal 40(1)(b) de Chinneadh 2007/533/CBG ón gComhairle;

**Oiliúint**

19. oiliúint a sholáthar d'úsáideoirí deiridh maidir le céannachtaí mí-úsáidte, go háirithe maidir leis an gcoincheap féin, leis an téarmaíocht a bhaineann leis, agus leis an nós imeachta um obair leantach.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*